



VACSÁIN
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí

Maigh Eo Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí 16/07/2021



Ionad Saoire Thigh Bhreafaigh
Bóthar Bhreafaigh, Demesne
Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo
F23 R253

EOLAS FAOIN IONAD




Tá ionad vacsaínithe FnaSS do Mhaigh Eo lonnaithe in Ionad Saoire Thigh Bhreafaigh Caisleán an Bharraigh. Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.hse.ie


Láthair:

Bóthar Bhreafaigh, Demesne, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, F23 R253

Nasc chuig an léarscáil: <https://goo.gl/maps/wnWPASoudQvFEQ4QA>



ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chuig do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus láthair do choinne sa téacs.
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas grianghraif (m.sh. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísí Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan chárta aitheantais.
- Ba chóir duit éadach scaoilte nó léine le muinchillí gearra a chaitheamh mar go bhfaighidh tú an vacsaín in uachtar do láimhe.
- Ná tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh do choinne ar mhaithe le bainistiú tráchta.
- Caith éadach atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

NUAIR A THAGANN TÚ ISTEACH



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Tar isteach go dtí an t-ionad trí na príomhgheataí agus lean na comharthaí
- Más ag tiomáint atá tú, treoróidh an fhoireann slándála tú chuig carrchlós.
- Ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, fiafróidh an fhoireann slándála cé thú féin chun a dheimhniú go bhfuil coinne vacsaínithe socraithe duit
- Tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil dóibh sin le ceadúnas agus treorófar daoine le deacrachtaí siúil chuig pointe bailithe
- Páirceáil do charr agus déan do bhealach go dtí an tslí isteach – comharthaí buí
- Má tá comrádaí leat, ba chóir dóibh fanacht sa gcarr mura bhfuil gá dóibh a bheith leat

LAISTIGH DEN IONAD



- D'fhéadfadh go leor daoine a bheith sa scuaine, mar sin fan amach 2 mhéadar ó dhaoine eile
- Nuair atá tú ag dul isteach sa bhfoirgneamh, treorófar tú chuig deasc clárúcháin. Glan do lámha le díghalrán ar an mbealach isteach
- Dearbhóidh an fhoireann am do choinne, d'ainm, dáta breithe agus d'uimhir PSP
- Treorófar ansin tú chuig both ar a bhfuil uimhir, chun do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal an vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar do láimhe
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí san ionad breathnóireachta ar feadh 15 nóiméad
- Ba chóir duit an cárta vacsaínithe a choinneáil in áit shábháilte, beidh sé ag teastáil má bhíonn ort an dara dáileog den vacsaín a fháil
- Tar éis 15 nóiméad is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil tríd an doras éalaithe. Glan do lámha le díghalrán sula bhfágann tú.
- Lean na treoracha chun dul amach.

AG FÁGÁIL AN LÁTHAIR



Ag na geataí amach, moltar duit dul ar chlé chun cabhrú le sábháilteacht ar bhóithre agus le bainistiú tráchta. Tiomáin thart ar 1km go dtí an timpeallán ag Crois Chill Chainnigh agus déan do bhealach abhaile.